C/2025/6674

16.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6674)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Miel Villuercas-Ibores'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-01268-AM01 — 17.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Miel Villuercas-Ibores'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Consejería de Agricultura, Desarrollo Rural, Población y Territorio de la Junta de Extremadura [Aireacht Thalmhaíocht, Fhorbairt Tuaithe, Dhaonra agus Chríoch Rialtas Phobal Féinrialaitheach Extremadura], Dirección General de Agricultura y Ganadería [Ard-Stiúrthóireacht na Feirmeoireachta Barr agus Beostoic]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is féidir an t-iarratas ar leasú a aicmiú mar iarratas caighdeánach de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143. Go háirithe, NÍ FÉIDIR na hathruithe sin a aicmiú mar leasuithe ar leibhéal an Aontais mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

(1) níl athrú ar an ainm atá faoi chosaint mar ATFC ná ar úsáid an ainm sin san áireamh;

(2) níl an baol go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(3) ní ghabhann tuilleadh srianta leo maidir le margú an táirge.

A mhéid a bhaineann le fíorú nach bhfuil aon bhaol ann go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanann aon cheann de na hathruithe a iarradh difear d'fhoclaíocht na roinne 'Nasc' den tsonraíocht táirge ar bhealach ar bith. Ní dhéantar difear indíreach ach oiread don nasc. Go deimhin, cé go bhfuil an nasc bunaithe, i measc nithe eile, ar leibhéil ísle HMF agus ar an gcion taise íseal agus ar an ngníomhaíocht ard diastáise, coinníonn na hathruithe atá beartaithe, cé go bhfuil éifeacht bheag acu ar na trí pharaiméadar sin, na tairseacha ar leibhéil atá i bhfad níos déine ná iad siúd a leagtar síos sa chaighdeán cáilíochta le haghaidh meala.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Athrú ar an raon cion taise a cheadaítear.

Tuairisc

Baineann an leasú seo le Roinn 4.2 den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge.

Sa tuairisc ar an táirge, rinneadh an t-athrú seo a leanas ar na saintréithe fisiceacha is coiteann do mhil uile ATFC:

Athraíodh an cion taise is gá ó raon '14–17 %' go '< 17 %'. Go deimhin, is é is cuspóir don athrú seo earráid a cheartú, toisc nach bhfuil mórán céille ann raon a shainiú ina bhfuil íoschion taise le haghaidh meala. Ina ionad sin, is é an rud atá ábhartha uaschion taise nach féidir a shárú a shocrú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athrú ar an uasteorainn le haghaidh hiodrocsaimeitiolfúrfúra.

Tuairisc

Baineann an leasú seo le Roinn 4.2 den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge.

Sa tuairisc ar an táirge, rinneadh an t-athrú seo a leanas ar na saintréithe ceimiceacha is coiteann do gach mil ATFC:

Méadaíodh an uasteorainn le haghaidh hiodrocsaimeitiolfúrfúra (HMF) ó 10 mg/kg go '< 18 mg/kg'. Thairis sin, ní shonraítear a thuilleadh go bhfuil feidhm ag an teorainn sin nuair a chuirtear an mhil ar an margadh, ós rud é nach mór í a sheiceáil roimh ré.

Tá an t-athrú sin á dhéanamh mar gheall ar éifeachtaí an athraithe aeráide sa limistéar geografach, ina bhfuil teochtaí earraigh níos airde agus báisteach níos neamhrialta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athrú ar an íosteorainn le haghaidh gníomhaíocht diastáise.

Tuairisc

Baineann an leasú seo le Roinn 4.2 den doiciméad aonair agus leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht táirge.

Sa tuairisc ar an táirge, laghdaíodh an íosteorainn le haghaidh gníomhaíocht diastáise ó 30 go 22 i bpointe (c). Tá an t-athrú sin á dhéanamh mar gheall ar éifeachtaí an athraithe aeráide sa limistéar geografach, ina bhfuil teochtaí earraigh níos airde agus báisteach níos neamhrialta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nuashonrú ar an struchtúr cigireachta.

Tuairisc

Tugadh mionsonraí an chomhlachta cigireachta cothrom le dáta i Roinn G den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ainmníocht an chineáil táirge a thabhairt cothrom le dáta.

Tuairisc

Tugadh aicmiú an chineáil táirge cothrom le dáta sa doiciméad aonair chun é a chur i gcomhréir leis an ainmníocht nua.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha táirgí talmhaíochta

'Miel Villuercas-Ibores'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-01268-AM01 — 17.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Miel Villuercas-Ibores'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0409 – Mil nádúrtha

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is éard is 'Miel Villuercas-Ibores' ann mil a dhéanann beacha den speiceas *Apis mellifera* as flóra dúchasach.

Ar bhonn na limistéar éagsúil fásra, sainmhíníodh na cineálacha meala seo a leanas:

— mil *retama* aon bhlátha (*Retama sphaerocarpa*),

— mil castáin aon bhlátha (*Castanea sativa*),

— mil ilbhláthanna [miel de milflores],

— mil drúchtín meala.

(a) Saintréithe coiteanna mhil uile ATFC 'Miel Villuercas-Ibores':
Cion taise: < 17 %
HMF: < 18 mg/kg
Seoltacht leictreach:

1. Gan bheith níos lú ná 0,8 mS/cm (mil castáin agus mil drúchtín meala).

2. Gan bheith níos mó ná 0,8 mS/cm (mil *retama* agus mil ilbhláthanna).

Siúcrós: < 5 g/100 g
Fruchtós + glúcós

1. > 60 g/100 g (go ginearálta)

2. > 45 g/100 g (mil drúchtín meala)

(b) Pailin:
Mil *retama*: > 50% *Retama sphaerocarpa*.
Mil castáin: > 70% *Castanea sativa*.
Mil ilbhláthanna: is é sin an mhil a bhailítear ag tús an tsamhraidh agus léiríonn a speictrim phailine éagsúlacht bláthanna sna míonna roimhe sin; tá sí saibhir i bpailin ó Fabaceae, Fagaceae, Ericaceae, Lamiaceae agus/nó Cistaceae saintréitheach an limistéir.

Mil drúchtín meala: is mil í sin a dhéanann na beacha ó tháil a tháirgeann codanna beo de phlandaí nó a fhaightear orthu, go háirithe speicis den fhine Fagaceae agus den ghéineas *Quercus*; in éineacht le céatadán beag de phailin ó Fagaceae, Ericaceae, Lamiaceae agus/nó Cistaceae saintréitheach an limistéir.

Táirgtear é sin go príomha ag deireadh an tsamhraidh, is é sin an t-am den bhliain ina mbíonn an líon is lú plandaí i mbláth sna limistéir ina mbailíonn na beacha neachtar.

(c) Gníomhaíocht diastáise: nach lú ná 22.

(d) Tréithe orgánaileipteacha:

Mil *retama*: dath idir ómra éadrom agus ómra dorcha agus soilse scothdhearga; an-aramatach agus blas milis uirthi.

Mil castáin: dath ómra dhorcha, le dathanna scothdhearga nó scothghlasa. Dea-bholadh láidir. Beagán aigéadach, searbh agus tréith ghéar inti.

Mil ilbhláthanna: dath idir ómra éadrom agus ómra dorcha ag brath ar na bláthanna, agus dea-bholadh agus blas athraitheach uirthi.

Mil drúchtín meala: dath ómra dhorcha; blas nach bhfuil chomh milis céanna agus boladh láidir sainiúil uirthi.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

–

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní thagann an mhil ach ó choirceoga beach atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta; ní cheadaítear buailteachas beach lasmuigh den limistéar seo.

Na beacha a bhaint de na frámaí ag úsáid scuaba agus/nó ceansaitheoirí.

Caidhp a bhaint ar an mbealach traidisiúnta trí úsáid a bhaint as sceana nó cíora.

An mhil a eastóscadh ó na cíora trí lártheifneoiriú.

An mhil a stóráil i ndrumaí nó in umair shíothlaithe.

An mhil a scinceáil agus a scagadh chun eisíontais a bhaint.

Sa chás eisceachtúil ina bhfuil marthanas na coirceoige i mbaol, mar gheall ar dhrochbhuaint, ceadaítear beacha a bheathú ar bhonn forlíontach lasmuigh den tréimhse bailithe neachtair. D'fhéadfadh ceann amháin nó roinnt de na táirgí seo a leanas a bheith sa bhia: mil ón gcoirceog féin, siúcrós (siúcra cána), glúcós agus síoróip torthaí.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an mhil phacáistithe a bheith i staid leachtach (sreabhán) nó i staid sholadach (criostalaithe).

Téitear mil chriostalaithe go huasteocht 45 °C le haghaidh scinceála agus pacáistithe.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lipéad tánaisteach uimhrithe a bheith ar an mil ar a mbeidh lógó an Ainmniúcháin, ar lipéad é nach mór a ghreamú ag an tsaoráid phacáistithe ar bhealach nach féidir é a athúsáid. Ní mór siombail an Aontais agus lógó ATFC 'Miel Villuercas-Ibores' a bheith uirthi.

Seo a leanas lógó ATFC ‘Miel Villuercas-Ibores’:



Ar thaobh na láimhe deise tá an t-ainm Extremadura agus léarscáil ar a bhfuil an limistéar táirgeachta meala marcáilte le dhá chiorcal chomhlárnacha.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Tá an limistéar táirgeachta meala lonnaithe i bPobal Féinrialaitheach Extremadura (an Spáinn), in oirdheisceart chúige Cáceres. Tá 27 mbardas san iomlán ann, arb ionann iad agus *comarca* Villuercas-Ibores; tá na bardais sin uile i gcúige Cáceres.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Tosca nádúrtha

Is éard atá in *comarca* Villuercas-Ibores sraith d’fhoirmíochtaí sléibhe, atá thar a bheith géar agus spiacánach, a bhfuil creaga grianchloichíte armarcach ar an mbarr agus slinn agus gaineamhchloch taobh leo. Tá an bhuaic is airde i masaíf La Villuerca (1 601 m). Áirítear sa líonra hidreagrafach aibhneacha atá mar chuid d’abhantracha Tagus agus Guadiana. Tá an ombra-aeráid den chineál fo-thais agus dá bhrí sin bíonn an fhrasaíocht níos airde go ginearálta ná i bhformhór na *comarcas* eile de chuid Extremadura.

De réir chóras aicmithe USDA (Tacsanomaíocht ithreach) is iad Einteasail, Incheapasail, agus Alfasail na hithreacha. Cruthaíonn na hEinteasail stiallacha an-chúng ar mhachairí na n-aibhneacha Ruecas agus Silvadillos. Is ar fhánaí sléibhe a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh go bunúsach a fhaightear na Incheapasail. Faightear na hAlfasail sa chuid theas den limistéar, i léibhinn abhann agus i machairí scrobarnaí. Is ithreacha iad ag a bhfuil roinnt de na saintréithe is gá chun barra a fhás, ach atá oiriúnach do ghníomhaíochtaí foraoiseachta.

Tá flóra saibhir agus éagsúil ag *comarca* Villuercas-Ibores, a chomhfhreagraíonn don limistéar bithgheografach ina bhfuil sé lonnaithe (Ladero, 1987), agus tá limistéir mhóra féaraigh agus scrobarnaí aige inar féidir leis na beacha neachtar a bhaint go forleathan ó bhláthanna dúchasacha, a tháirgeann mil a bhfuil cáilíochtaí den scoth aici. Tá go leor garrán ann freisin de dhair thoilm, dair choirc, castán agus crainn darach, a chuireann neachtar, pailin agus drúchtín meala ar fáil do na beacha. Cé go mbíonn speicis *dehesa* agus foraoise sa *comarca* go ginearálta, is iad castáin, ológa, *matorral* agus Cistus na speicis is tábhachtaí sa limistéar, mar aon le foraoisí darach móra.

I measc an iliomad speiceas plandaí ónar féidir leis na beacha bia a fháil, liostaítear thíos cuid de na plandaí milmheara is tábhachtaí in *comarca* Villuercas-Ibores; tá siad uile dúchasach don limistéar táirgeachta:

— BORAGINACEAE: *Echium plantagineum* L. (lus nathrach corcra), *Anchusa azurea* Miller (lengua de buey).

— BRASSICACEAE: *Raphanus raphanistrum* L. (raidis fhiáine).

— ERICACEAE: *Erica australis* L. (Brezo rubio nó colorado), *Erica lusitanica* Rudolphi (brezo blanco), *Erica umbellata* L. (brezo, quiruela), *Calluna vulgaris* (L.) Hull (fraoch mór), *Arbustus unedo* L. (crann sú talún).

— FABACEAE: *Retama sphaerocarpa* L. (*retama común*, *retama de bolas*), *Trifolium stellatum* L. (seamair réalta), *Genista tridentata* (carquesa), *Cytisus multiflorus* (*escoba* nó *retama blanca*).

— FAGACEAE: *Castanea sativa* Miller (castán), *Quercus pyrenaica* Willd. (Dair Phiréineach), *Quercus rotundifolia* L. (dair thoilm), *Quercus suber* L. (dair choirc).

— LAMIACEAE: *Lavandula stoechas*, fospeiceas *pedunculata* Miller (cantueso, tomillo borriquero), *Rosmarinus officinalis* L. (marós).

— ROSACEAE: *Rubus ulmifolius* Schott (sméardhris leamhánduilleach).

— APIACEAE (UMBELLIFERAE): *Erynginum campestre* L. (cuileann léana).

— CISTACEAE: *Cistus ladanifer* L. (grianrós na súl donn), *Cistus* spp. agus *Halimium* spp. (grianrósanna go ginearálta).

Tosca daonna

Bhí *comarca* Villuercas-Ibores nasctha i gcónaí leis an mbeachaireacht. Téann tagairtí sonracha siar go 1086 ar a laghad agus luadh iontu imeachtaí mór le rá den sórt sin amhail míorúilt Mhuire Ghuadalúip (1575). Sa lá atá inniu ann, tá go leor logainmneacha fós sa *comarca* a mheabhraíonn beacha agus an flóra áitiúil (Castañar, Carrascalejo, Peraleda), agus gnéithe nádúrtha ar a bhfuil ainmneacha a mhúsclaíonn gníomhaíocht bheachaireachta, amhail 'La Umbría del Colmenar' i mbardas Cañamero agus 'El Arroyo del Enjambrero' agus 'Valle del Enjambrero' i mbardas Alía.

Tá saintréith shuntasach thuaithe agus shléibhtiúil ag an limistéar táirgeachta, agus tá bardais a bhfuil dlús íseal daonra iontu, áit a bhfuil barra agus feirmeoireacht stoic ar na príomhshlite beatha. Mar gheall ar na himthosca sin, agus ar fhlóra dúchasach nach n-athraíonn gníomhaíocht an duine a bheag nó a mhór, is limistéar maith é le haghaidh beachaireachta, áit a n-eastósctar an mhil fós ar an mbealach traidisiúnta chun a cáilíochtaí uile a chaomhnú.

Baineann cleachtas mór áitiúil beachaireachta amháin le bainistiú na gcoirceog. Níl aon bhuailteachas beach ann agus ní fhéadfar na coirceoga beach a aistriú ach ó áit amháin go háit eile laistigh den limistéar táirgeachta.

Gné bhunúsach eile den phróiseas táirgthe is ea go bhfágtar an bhaisc dheireanach mheala le go mbeidh na beacha sa choirceog in ann í a ithe. Dá bhrí sin, cleachtann na beachairí áitiúla beachadóireacht neamhdhian. Nuair a bhaintear an chíor mheala as an gcoirceog san fhómhar, ní eastóscann siad an mhil uile, ach fágann siad na cúltaiscí is gá chun na beacha sa choirceog a bheathú. Ar an gcaoi sin, urramaítear dea-bhail na mbeach agus tá an choirceog inbhuanaithe, mar sin coinnítear na beacha sa riocht is airde.

Sainiúlacht an táirge

Is cuid de Extremadura é an limistéar táirgeachta, lena thraidisiún fada beachaireachta, áit a bhfuil úsáid mhaith á baint ag beachairí as an bhflóra dúchasach leis na céadta blianta. Léiríonn rogha an ainm 'Miel Villuercas-Ibores' gradam stairiúil na meala sa limistéar sin, an scil agus na teicnící traidisiúnta agus ceardaíochta lena n-ullmhaítear í agus cáilíochtaí speisialta na meala, a eascraíonn as an timpeallacht ina dtáirgtear í.

Thairis sin, murab ionann agus in *comarcas* eile Extremadura, ní bhíonn an buailteachas beach ann, mar sin tá an mhil a fhaightear aonchineálach i dtéarmaí an fhlóra áitiúil, agus is ó na tosca nádúrtha agus daonna a thagann le chéile sa limistéar geografach sainithe amháin a thagann a saintréithe ar leith.

Is féidir fianaise ar an gcóras táirgthe traidisiúnta a fheiceáil sna luachanna a fhaightear le haghaidh paraiméadair áirithe don táirge deiridh, ar tásc iad ar ardchaighdeán na meala:

— luachanna HMF atá íseal go sainiúil, a léiríonn úire agus táirgeadh ceardaíochta;

— luachanna taise ísle, a léiríonn aibíocht agus arb é is cúis leo go bhfuil uasteorainn leis an gcíor mheala mar nach dianfhoirm bheachaireachta é sin;

— gníomhaíocht ard diastáise, mar gheall ar úire na meala;

— luachanna seoltachta leictrí agus tréithe orgánaileipteacha ar saintréithe iad den chineál pailine as a ndéantar í.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge

Trí staidéar a dhéanamh ar na speictrim phailine éagsúla, bhíothas in ann na marcóirí geografacha a shainiú atá gcomhartha sóirt ag 'Miel Villuercas-Ibores', i.e. pailin a fhlóra uile, rud a thugann próifílí pailine aonchineálacha a bhaineann go sonrach leis an limistéar agus nach bhfuil níos mó ná 1 % de phailin ó phlandaí saothraithe nó neamhdhúchasacha iontu.

Tá mil drúchtín meala ar cheann de tháirgí sainiúla an limistéir. Déantar an mhil sin i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair nuair a bhíonn deireadh leis an mbláthú nó nuair a stopadh go hiomlán é agus nach bhfuil aon neachtar ag na beacha. Bailíonn siad táil ó na codanna beo de phlandaí den fhine Fagaceae nó táil a fhaightear orthu mar gheall ar ghníomhaíocht feithidí áirithe. Cuireann sé sin ar a gcumas dóibh maireachtáil i rith na míonna nuair nach bhfuil aon neachtar ann agus nach bhfuil aon bhuailteachas beach i limistéir eile ina bhféadfaidís bláthanna a aimsiú.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.juntaex.es/documents/77055/621148/pliego+de+condiciones+modificaciones+2025+Consolidado.pdf